II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/189 ÓN GCOMHAIRLE

an 12 Feabhra 2020

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]), agus go háirithe Airteagal 9 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) Ar an 6 Feabhra 2020, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, duine amháin le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Dá bhrí sin, ba cheart an duine sin a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Feabhra 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ

([1]) IO L 193, 23.7.2005, lch 1.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an duine seo a leanas leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1183/2005

"36 Seka BALUKU (cáilíocht íseal, dá ngairtear freisin: a) Mzee Kajaju, b) Musa, c) Lumu, d) Lumonde)

Ainmniú: Ceannaire foriomlán ar Fhórsaí Daonlathacha na gComhghuaillithe (ADF)

Dáta breithe: timpeall 1977

Náisiúntacht: Uganda

Seoladh: An suíomh deiridh is eol: Campa Kajuju Medina II, Críoch Beni, Kivu Thuaidh, Poblacht Dhaonlathach an Chongó

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 6 Feabh. 2020

Faisnéis eile: Ball seanbhunaithe ADF, bhí Baluku ina leas-cheannaire do bhunaitheoir ADF, Jamil Mukulu, go dtí gur tháinig sé féin i gceannas tar éis oibríochta míleata Sukola I de chuid FARDC in 2014.

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Na cúiseanna lena liostú:

Liostaíodh Seka Baluku an 6 Feabhra 2020 de bhun mhír 7 de rún 2293 (2016) as páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó tacú le gníomhaíochtaí lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Faisnéis Bhreise:

Ceannaire foriomlán ar ADF. Mar a léiríodh i roinnt tuarascálacha ón nGrúpa Saineolaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (S/2015/19, S/2015/797, S/2016/1102, S/2017/672, S/2018/531, S/2019/469, S/2019/974), rinne, phleanáil agus/nó dhírigh Seka Baluku gníomhaíochtaí leanúnacha inar díríodh ar dhaoine, inar maraíodh, inar ballbhascadh, inar éigníodh agus ina ndearnadh foréigean gnéasach eile, inar fuadaíodh sibhialtaigh, leanaí ina measc, chomh maith le hionsaithe ar shaoráidí sláinte, go háirithe in Mamove, críoch Beni, an 12 agus an 24 Feabhra 2019, chomh maith le leanaí a earcú agus a úsáid ar bhonn leanúnach le linn ionsaithe agus d'obair éigeantach i gcríoch Beni i bPoblacht Dhaonlathach an Congó ó 2015 ar a laghad."